

### Sa cheacht seo foghlaimoidh gach dalta:

1. Conas méadar báistí a thógáil.
2. Conas méadar báistí a léamh agus sonraí a thaifeadadh.
3. Conas sonraí a chur i láthair ar ghraf.
4. Conas trácht ar a dtorthaí.
5. Conas an meánfhuichras míosúil a thomhas.

### Conas a thomhaistear báisteach?

Tugtar **méadar báistí** ar an uirlis a úsáidtear chun báisteach a thomhas.


Taifeadann méadar báistí an méid báistí a thit le linn tréimhse áirithe ama.

Tomhaiseann formhór na méadar báistí an fhuichras i milliméadair.

### Turgnamh 1: Fuichras a thaifeadadh agus a thomhas

#### Na hábhair is gá don turgnamh:

- Buidéal plaisteach (2 lítear)
- Sorcóir tomhais
- Tonnadóir (b'fhearr dá mbeadh an trastomhas céanna aige le taobh amuigh an bhuidéil (nó féach Cuid 1, uimhir 7))
- Buanmharcóir dubh, bior mín
- Uisce
- Leabhar nótaí
- Grafháipéar
- Peann
- Siosúr



## Cuid 1: Méadar báistí a thógáil

1. Ag baint úsáide as an sorcóir tomhais, doirt 10 ml uisce isteach sa bhuidéal.
2. Cuir marc ag 10ml ar an mbuidéal leis na mbuanmharchóir.
3. Déan céimeanna 2 agus 3 arís, ag cur mairc ar an mbuidéal ag gach 10ml (10ml, 20ml.....)
4. Seo an scála a úsáidtear chun fliuchras a thomhas.
5. Doirt an t-uisce go léir as an mbuidéal.
6. Cuir an tonnadóir isteach sa bhuidéal.
7. Nó gearr barr an bhuidéil phlaistigh áit a bhfuil an tsaighead léirithe sa phictiúr. Cas é bunoscionn agus cuir é isteach sa bhuidéal, á dhaingniú le gliú nó téip. Bíodh sé séalaithe go hiomlán.
8. Anois tá méadar báistí agat.

## Cuid 2: Sonraí a thaifeadh

1. Cuir an méadar báistí isteach sa talamh, le cúpla orlach os cionn na talún, i spás oscailte, agus é achar maith ó gach constaic mar shampla foirgnimh, crainn etc.
2. Coinnigh taifead, i do leabhar nótaí, den méid báistí a thiteann gach lá agus folmhaigh an buidéal.
3. Déan seo gach lá ar feadh míosa.
4. Cuir na sonraí seo i leabhar nótaí.
5. Roghnaigh mí amháin sa gheimhreadh agus mí amháin sa samhradh chun na difríochtaí a léiriú.
6. Tar éis míosa de thaifeadh, tarraing graf chun na sonraí a léiriú.
7. Cuir na laethanta ar an ais chothrománach (horizontal axis) agus an méid báistí ar an ais ingearach (vertical axis).
8. Ceangail na spotaí.

## Cuid 3: Déan anailís ar na torthaí

Toirt na báistí (ml) =  $\pi r^2 h$

Teastaíonn uainn luach ‘h’ a ríomh - airde na báistí i mm. Is é ‘r’ ga an bhuidéil. Is é 10cm - ga 5 cm - an trastomhas atá ag buidéal caighdeánach 2 lítear deochanna boga. Is gá gach luach atá ar eolas a choinbhéartú chuig lítear agus méadar *sula* n-úsáidtear an chothromóid.

e.g. Is ionann 50ml d’uisce agus doimhne de 6.36mm báistí sa bhuidéal seo.

1. Cuir na ceisteanna seo a leanas:
  - Ar athraigh an méid báistí a thit le linn na míosa?
  - An bhfuil aon difríochtaí ann idir míonna an gheimhridh agus míonna an tsamhraidh?
  - Cén lá ba fhliche (leis an méid is mó báistí)?
  - Cén lá ba thirime (leis an méid is lú báistí)?
2. Suimigh an bháisteach laethúil chun an bháisteach mhíosúil a ríomh.